AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 26.9.2024
COM(2024) 423 final

Moladh le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

lena n-eisítear treoracha don Choimisiún chun athnuachaintí ar an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (Euratom) agus Eagraíocht Forbartha Fuinnimh Leithinis na Cóiré (KEDO) a chaibidliú

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. RÉAMHRÁ

Bhunaigh na Stáit Aontaithe, an tSeapáin agus Poblacht na Cóiré Eagraíocht Forbartha Fuinnimh Leithinis na Cóiré (KEDO) in 1995. Ba é príomhchuspóir KEDO dhá imoibreoir éadromuisce núicléacha (tionscadal imoibreora éadromuisce) a sholáthar do Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré (DPDC – an Chóiré Thuaidh). Tá Euratom ina lánchomhalta de KEDO ó bhí 1997 ann. Chuaigh an comhaontú lena rialaítear comhaltas Euratom in KEDO in éag an 31 Bealtaine 2024.

I mí na Samhna 2023, chuir an Chóiré Thuaidh comhaltaí eile Bhord Feidhmiúcháin KEDO (na Stáit Aontaithe, an tSeapáin agus Euratom) ar an eolas faoin rún maidir le síneadh a chur le KEDO le haghaidh na tréimhse 2024-2027. Tháinig an tSeapáin ar chomhaontú maidir le síneadh KEDO ag tús 2024, agus níor chuir na Stáit Aontaithe a gcomhaontú in iúl go dtí le déanaí i mí Iúil 2024. Ní mór do Euratom a thoiliú a chur in iúl fós.

Faoin nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 101, an dara mír, de Chonradh Euratom, déanfaidh an Coimisiún comhaontuithe idir Euratom agus eagraíochtaí idirnáisiúnta, amhail KEDO, a chaibidliú i gcomhréir le treoracha a d'eisigh an Chomhairle roimhe seo. Beidh ar an gComhairle an comhaontú arna chaibidliú a fhormheas sular féidir leis an gCoimisiún é a thabhairt i gcrích thar ceann Euratom. Dá bhrí sin, is é an chéad chéim den nós imeachta chun comhaontú Euratom-KEDO a athnuachan go n-eiseoidh an Chomhairle treoracha caibidlíochta don Choimisiún. Ar na cúiseanna a leagtar amach ar bhealach níos mionsonraithe thíos, measann an Coimisiún gur chun leasa Euratom atá sé a chomhaltas a athnuachan agus, dá bhrí sin, cuireann sé moladh faoi bhráid na Comhairle lena n-údaraítear di an comhaltas athnuaite a chaibidliú.

Faoi láthair níl aon ghníomhaíocht oibriúcháin ag KEDO. Trí leanúint de bheith ann cosnaítear leasanna airgeadais agus dlíthiúla a chuid comhaltaí, Euratom san áireamh. Ní bheadh gá le haon ranníocaíocht airgeadais ó bhuiséad an Aontais dá leanfaí den chomhaltas.

2. CÚLRA

Os rud é nár chuir DPDC a oibleagáidí maidir le neamhleathadh chun feidhme, cuireadh deireadh le gníomhaíochtaí oibriúcháin KEDO an 30 Bealtaine 2006. Bliain ina dhiaidh sin, áfach, chinn Bord Feidhmiúcháin KEDO gur cheart don eagraíocht leanúint de bheith ann mar eintiteas dlíthiúil ar na cúiseanna airgeadais agus dlíthiúla seo a leanas:

- *Chun seasamh leis na héilimh airgeadais fhoriomlána in aghaidh DPDC*.

  D'imeodh na héilimh sin i léig dá dtiocfadh deireadh le KEDO agus mura dtiocfadh comharba air. Comhfhreagraíonn iomlán éilimh airgeadais KEDO in aghaidh DPDC go dtí seo do shócmhainn dar luach USD 1,89 billiún. *[N.B.: Níl aon éileamh fágtha ag KEDO in aghaidh Chorparáid Cumhachta Leictrí na Cóiré (KEPCO), an príomhchonraitheoir.]* Bealach amháin a d'fhéadfaí a úsáid chun an tsócmhainn sin a dháileadh is ea í a roinnt bunaithe ar chéatadán foriomlán na ranníocaíochta a rinne gach páirtí conarthach is rannchuiditheoir. Sa chás sin bheadh Euratom i dteideal 4,7 %.

- *Chun cosaint dhlíthiúil a sholáthar do chomhaltaí KEDO in aghaidh éilimh ar dhliteanas nó ar chúiteamh.*

I mí Mheán Fómhair 2011, d'éiligh DPDC cúiteamh dar luach USD 5,6 billiún ó KEDO toisc nár thug sé an tionscadal imoibreora éadromuisce chun críche. Seachas an t-éileamh sin ó DPDC, d'fhéadfadh éilimh in aghaidh KEDO nó a chomhaltaí eascairt, go teoiriciúil, as na bainc atá faoi úinéireacht stáit trínar threoraigh an tSeapáin agus Poblacht na Cóiré a ranníocaíochtaí airgeadais chuig KEDO (JBIC agus KEXIM faoi seach). Rinneadh na ranníocaíochtaí sin i bhfoirm iasachtaí nár aisíocadh go hiomlán.

- *Bhí leasanna airgeadais fós ann maidir le KEPCO, príomhchonraitheoir KEDO.*

  Faoi théarmaí an chomhaontaithe foirceanta idir KEDO agus KEPCO, ghlac KEPCO le dliteanais uile KEDO gan íoc (ar éilimh ó fhochonraitheoirí iad den chuid is mó) mar mhalairt ar shócmhainní áirithe KEDO a fháil. Faoi réir coinníollacha áirithe, ní mór aon sochar iomarcach a dhéanfadh KEPCO as athdhíol nó athúsáid na sócmhainní sin a roinnt le KEDO.

- *Is é KEDO úinéir an bhonneagair agus na sócmhainní eile in DPDC fós*, inar infheistíodh thart ar USD 500 milliún. Agus KEDO imithe, bheadh an bonneagar agus na sócmhainní faoi úinéireacht DPDC.

Tá cúraimí KEDO teoranta d'fhónamh mar phointe teagmhála le DPDC, le KEPCO, príomhchonraitheoir KEDO, in éineacht le Banc na Seapáine um Chomhar Idirnáisiúnta (JBIC) agus Banc Onnmhairiúcháin-Allmhairiúcháin na Cóiré (KEXIM), chomh maith le tuairisciú do chomhaltaí an Bhoird Feidhmiúcháin agus comhordú a dhéanamh eatarthu.

Go dtí seo, maoiníodh an fhormáid 'blaosc fholamh' de KEDO go heisiach as cistí KEDO a atá fós ann, dá bhrí sin gan aon ranníocaíocht airgeadais breise óna chomhaltaí.

3. COMHALTAS EURATOM IN KEDO FAOI LÁTHAIR

Rinneadh athchaibidlíocht ar chomhaltas Euratom in KEDO in 2007, d'fhonn comhaltas a choinneáil ar bun san fhormáid laghdaithe de KEDO mar 'bhlaosc fholamh'.

Léirigh an cinneadh sin an tuairim go raibh sé chun leas Euratom a chomhaltas a choinneáil ar bun. Murach sin, scoirfeadh Euratom de bheith incháilithe chun sciar de na sochair fhéideartha a d'fhéadfadh KEPCO a fháil ó iarthrealamh KEDO a dhíol nó ó aon íocaíocht ó DPDC le KEDO. Mar chomhalta, bheadh Euratom incháilithe sciar a fháil i gcomhréir lena sciar de na ranníocaíochtaí iomlána a íocadh, i.e. suas le huasmhéid thart ar EUR 89 milliún (agus an figiúr sin bunaithe ar ranníocaíochtaí Euratom agus gan ús san áireamh).

Thairis sin, dá scoirfeadh sé de bheith ina chomhalta, ní bheadh Euratom in ann seasamh lena chearta dlíthiúla maidir le sócmhainní KEDO in DPDC. Ar deireadh, i gcás éileamh féideartha ar dhliteanas nó ar chúiteamh, chaillfeadh Euratom aon rialú ar an gcosaint a thugtar faoi láthair do chomhaltaí KEDO tríd an eagraíocht a bheith fós ann mar eintiteas dlítheanach.

Leanadh an cur chuige sin le haghaidh athnuachaintí 2012, 2015, 2018 agus 2021 ar chomhaontú KEDO.

4. AN CINNEADH MAIDIR LEANÚINT DE KEDO A BHEITH ANN MAR EINTITEAS DLÍTHIÚIL TAR ÉIS AN 31 BEALTAINE 2024

Is iad seo a leanas na príomhchúiseanna ar chinn comhaltaí eile an Bhoird Feidhmiúcháin leanúint de KEDO a bheith ann i gcónaí tar éis an 31 Bealtaine 2024:

(a) Chun éilimh airgeadais KEDO in aghaidh DPDC a choinneáil ar bun.

(b) Chun leanúint de cheathrar comhaltaí iomlána KEDO a chosaint ar éilimh dhlíthiúla, bídís bréagach nó ná bídís, ó DPDC;

(c) Chun cearta dlíthiúla a choinneáil maidir le bonneagar atá faoi úinéireacht KEDO agus sócmhainní in DPDC. agus

(d) D'fhéadfadh sé go mbeadh ar phríomhchonraitheoir KEDO sa tionscadal imoibreora éadromuisce aisíocaíocht a dhéanamh le KEDO ag céim níos déanaí, a luaithe a bheidh athdhíol iarthrealamh KEDO curtha i gcrích.

Chuaigh an comhaontú atá ann faoi láthair lena rialaítear comhaltas Euratom in KEDO in éag an 31 Bealtaine 2024. Is faoin gCoimisiún atá sé an comhaltas leanúnach a chaibidliú ar bhonn treoracha caibidlíochta atá le deonú ag an gComhairle.

Mar a rinneadh sna hathnuachaintí a tháinig roimhe seo, ba cheart a chur san áireamh sna treoracha ón gComhairle go leanfar de KEDO a mhaoiniú go hiomlán as na cistí atá ann cheana agus, dá bhrí sin, nach gcuirfear aon chostas ar bhuiséad an Aontais de bharr chomhaltas leanúnach Euratom. Ba cheart leanúint den choinníoll sin, a bhí sna comhaontuithe athnuachana a tháinig roimhe seo, a mhíniú go soiléir in aon chomhaontú athnuaite le KEDO.

Ina theannta sin, i bhfianaise chineál atriallach agus fada chleachtaí sínte KEDO a bhí ann roimhe seo agus i bhfianaise nach bhfuil gá le gealltanais airgeadais ó Euratom agus ó na Ballstáit, ba cheart cur chuige níos simplithe a bheith ann maidir le síntí an chomhaontaithe amach anseo, cur chuige a bheidh bunaithe ar shainordú níos leithne ón gComhairle don Choimisiún maidir le síntí amach anseo a chaibidliú. Is éard a bheadh i gceist leis an sainordú níos leithne sin an deis a bheith ag an gCoimisiún níos mó ná comhaontú athnuachana amháin a chaibidliú, ar choinníoll nach mbeidh aon tionchar airgeadais ag athnuachan chomhaltas Euratom in KEDO ar bhuiséad an Aontais.

5. CONCLÚID

Maidir leis na hargóintí as ar eascair an cinneadh leanúint de chomhaltas tar éis 2007 agus, ina dhiaidh sin, tar éis 2012, 2015, 2018 agus 2021, tá siad fós bailí. Is é comhaltas leanúnach san fhormáid 'blaoisce foilmhe de KEDO' tar éis an 31 Bealtaine 2024 an bealach is fearr chun leasanna Euratom a chosaint. Trína bheith fós ina chomhalta tar éis an dáta sin, choinneodh Euratom an fhéidearthacht, is cuma mura dócha é, aisíocaíocht (suas le huasmhéid thart ar EUR 89 milliún) a dhéanamh, i gcás ina ndéanfadh príomhchonraitheoir KEDO aisíocaíocht tar éis athdhíol trealaimh nó i gcás éileamh rathúil ó KEDO in aghaidh DPDC. Ina theannta sin, le comhaltas leanúnach tugtar an chosaint is fearr ar aon éileamh ar dhliteanas a d'fhéadfadh a bheith ann agus ligfear do Euratom leanúint de bheith rannpháirteach go díreach i ngach plé (laistigh de KEDO agus le tríú páirtithe) maidir leis na saincheisteanna sin.

Dá bhrí sin, molann an Coimisiún go nglacfaidh an Chomhairle an Cinneadh ina dhiaidh seo, lena n-údarófar don Choimisiún athnuachaintí ar an gComhaontú idir Euratom agus KEDO a chaibidliú, ar bhonn na ndréacht-treoracha caibidlíochta.

Moladh le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

lena n-eisítear treoracha don Choimisiún chun athnuachaintí ar an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (Euratom) agus Eagraíocht Forbartha Fuinnimh Leithinis na Cóiré (KEDO) a chaibidliú

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 101, an dara mír, de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chuaigh an comhaontú idir Euratom agus KEDO in éag an 31 Bealtaine 2024.

(2) Meastar go gcinnfidh Bord Feidhmiúcháin KEDO leanúint de KEDO mar Eagraíocht Idirnáisiúnta tar éis an 31 Bealtaine 2024.

(3) Is chun leasa Euratom é, ar chúiseanna airgeadais agus dlíthiúla, leanúint dá chomhaltas in KEDO,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, údaraítear don Choimisiún síntí le comhaltas Euratom in KEDO a chaibidliú, thar ceann Euratom, i gcomhréir leis na treoracha caibidlíochta a leagtar amach san Iarscríbhinn.

Airteagal 2

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán